



LÁ IDIRNÁISIÚNTA NA
LEABHAR

Coláiste Chroí Mhuire

SAMHRADH, 2013

NUACHTLITIR 07

Focal ón bPríomhoide

Cén lá eile a d'fheicfeá Humpty Dumpty ina shuí le Banríon na gCroíthe, Wally ag spiocadh as Sherlock, Líló gan 'stitch' nó 007 ag cur draíocht ar Hermione?

Bhí an-lá ag na daltaí agus ag na múinteoirí, agus le cúnamh Dé déanfar nós as ceiliúradh na léitheoireachta arís sa chéad scoilbhliain eile.

Fáiltím roimh eagrán eile de nuachtlitir na scoile, is aoibhinn an deis a thugann sí dúinn breathnú siar ar chuid den saothar a bhí ar siúl sa scoil ón Nollaig, nuair a bhí an nuachtlitir deireannach againn. Bíonn an bhliain scoile gnóthach, ar ndóigh, agus déanann muid dearmad scaití breathnú siar. Bíonn muid ag déanamh inní faoin gcéad bhliain go dtí go bhfuil said socrúithe isteach. Bíonn muid ag spreagadh na ranganna neamh-scrúduithe gan na maidí a ligean le sruth. Bíonn muid ag gríosadh na ranganna scrúduithe chun cloí leis an obair agus gan

misneach a chailliúint. Agus, níl ansin ach cuid den scéal.

Sna leathnaigh seo, beidh trácht ar chúrsaí cultúir, spóirt, ceoil, litríochta, taistil agus spraoi. Beidh pictiúirí de mhór ócáidí na bliana. Déanfaidh muid ceiliúradh mar go bhfuil muid bródúil as pobal na scoile, agus toisc go bhfuil muid buíoch go bhfuil an pobal seo againn. Glacann muid buíochas leis na daoine óga eisceachtúla atá againn. Tá siad in ann ceiliúradh, agus sult a bhaint as an saol, ach

tá siad reidh freisin le cúnamh a thabhairt don té atá thíos, ar bhealaí atá tuisceannach agus discréideach, is deas sin.

Fágaim slán le scoláirí na hArdteiste. Go n-éirí go geal libh sa chéad chéim eile i bhur saolta. Glacaim buíochas leis na scoláirí, lena gcuid tuismitheoirí, leis na múinteoirí, leis an bhfoireann tacaíochta agus leis an mBord Bainistíochta as ucht na bliana ar chaith muid le chéile.

Cuairt Ardmhéara Bhaile Atha Cliath ar a sheanscoil, 27ú Bealtaine.



Ba mhór an onóir dúinn nuair a d'fhill Naoise Ó Múirí, Ardmhéara BÁC, agus iarscoláire CCM chun cuairt a thabhairt ar dhaltaí, ar mhúinteoirí agus ar na seomraí a raibh sé iontú tráth dá shaoil.

"Aghaidh Fidil"

Déanann muid comhghairdeas le Iníon Ní Uallacháin agus lena grúpa drámatúil 'Aghaidh Fidil'.


Thugadar leo an duais náisiúnta don léiriú is fearr ar nuadhráma.

Léirigh said gur fiú agus gur féidir dul i ngleic le téamaí tromchúiseacha go heifeachtúil tré mheán na n-ealaíon, ar bhealach nach ndéanann beag is fiú de théama na bulaíochta, ach ar bhealach freisin a léiríonn an greann atá sa saol, fiú nuair atá rudaí dorchá.

Bhí Méara an Chondae, Tomás Bheilbigh, Comhairleoirí Condae Seán Ó Tuairisc, Seosamh Ó Laoi agus Trevor Ó Clochartaigh i láthair freisin, le fáilte a chur roimhe.

Labhair an dá mhéara leis na scoláirí sa halla agus ansin labhair Naoise agus Cóilín Ó Neachtain, tuairisceoir Raidió na Gaeltachta agus iarscoláire eile le roinnt de scoláirí na hArdteiste sa seomra ranga. Labhraíodar faoina gcuid laethanta scoile féin, faoin oideachas a fuaireadar agus faoin gcaic a bhí acu, agus chuir said comhairle ar na daltaí, á spreagadh chun dóchas agus meon dearfach a bheith acu don todhchaí. Rinne gáire na beirte an-dea impreisiún ar an Ardteist, agus is cinnte gur chabhraigh said leis an rang a bhí ag tabhairt aghaidh ar an scrúdú mór, ar an saol mór agus ar fhágáil na scoile.

Ba dheas don scoil tuismitheoirí Naoise a bheith linn chomh maith le muintir agus le heagrais an cheantair. D'oscail an chuid 'nua' den scoil daichead bliain ó shin i 1973, agus ba dheas an rud é go raibh saoisle na hoibre sin Tadhg Ó Curraidhín inár measc ar an lá.



“Lé Chéile” Seó Tallainne na Scoile, 2013

‘Le Chéile’ a bhí mar théama ar an gceolchoirm i mbliana. Bhí an téama le sonrú ar an talainn, ar an sprid, (agus ar na hudaíthe a bhí á gcaitheamh ag na daltaí). Bhí an - éagsúlacht ag baint leis na míreanna ar fad a bhí sa cheolchoirm, idir drámaíocht, ceol claisiceach, ceol tradisiúnta, bailéid, ceol nua-chumtha agus rac-cheol. Bhí sé láidir ón tús, le cailíní na

dara bliana ag canadh go binn go dtí an deireadh nuair a rinneadh leagan íontach Gaeilge agus Gaelach de ‘Bohemian Rhapsody’. Ár mhuíochas do na daltaí agus d’Iníonacha Vesey agus Uallacháin a thug an-oíche dúinn. Ár mhuíochas freisin d’Enda Bonner, do na múinteoirí a chabhraigh agus do na tuismitheoirí a chothaigh buanna a gcuid páistí. Is as ócáidí mar seo a dhéantar cuimhní luachmhara.



AN Leabharlann

D’oscail muid an Leabharlann nua i mí Meánfómhair. Bhí troscán breá inti. Ach ní raibh leabhar ar bith le feiceáil. D’iarr muid cúnamh ó phobal na scoile. D’fholmhaigh daoine seilfeanna agus áiléir, cófraí agus boscaí, agus bhronnadar a bhfuairadar ar an scoil. A bhuíochas don chúnamh ar fad, tá leabharlann breá anois againn, agus a bhuíochas d’Iníon Ní Uallacháin agus do rang na hIdirbliana tá ord agus eagar uirthí. Go méadaí Dia bhur stór (agus stór na leabharlainne.)

“Steibh” 2013

Beidh cuid de dhaltai na dara bliana le cloisteáil go luath ar dhlúthdhiosca. De bharr comórtas a eagraíonn an Comhairle Condae, roghnaíodh dhá ghrúpa as an scoil lena gcuid saothar a eisiúnt ar dhlúthdhiosca. B’íontach an deis do dhaoine óga mar iad a bheith ag dul

isteach chuig an ‘Forge’, stiúdió gairmiúil i nGaillimh le taifead a dhéanamh ar a gceol ar an 29ú Bealtaine. Beidh muid ag tnúth leis an seoladh oifigiúil sa chéad téarma eile.



Croílíne

Comhghairdeachas le daltaí na scoile a bhailigh €500 ar sòn Croílíne Chois Fharriage le h-imeachtaí seachtain na Gaeilge a bhí eagraithe ag In Ní Ráinne. Is é an cuspóir atá ag CCF ná cúrsaí CPR agus CFR a chur ar fáil do mhuintir Chois Fharriage agus Inneall De-Fib a lonnadh go poiblí agus go rialta ar bhóthar Chois Fharriage.

Léim nua á bhaint as ár sean-phéirí bróg.

Chuir Pierce ÓTuathail scéal chuig dalta sa scoil ag lorg 50 péire seanbhróga peile dá fhoireann peile i Zambia, a bhí ag imirt cosnócht ar thalamh cruca. Cé go raibh an dalta sin, Kaitlin Ní Dhaibhí i mbun staidéir don Ardteist, thosaigh sí ag obair ar a shon. Bhí Kaitlín i Zambia í féin ag obair leis an ‘Alan Kerins Project’ le cuid dá rang nuair a bhíodar san Idirbhlian, agus d’imigh an seal ar chaith said i

Zambia go mór i gcion ar Kaitlin agus ar a cairde ranga. Chuir na daltaí suas postaeir ar fud na scoile agus bosca ag an bpríomhdhoras. D’éirigh chomh maith sin leo go mbíodh orthú an bosca a fholamhú chuile lá. Bhaineadar amach an 50 péire a bhí mar sprioc acu an-luath taréis dóibh tosnú ach leanadar orthú go dtí go raibh siad sásta go raibh gach íarracht déanta acu ar son na ndaoine óga san Aifric.

Turas Gnó chuig an monarcha seacláide Caffreys

Ar an 14/5/13 thug rang na 4ú bliana agus idirbhliain a n-aghaidh ar chomhlacht Caffreys i Walkinstown, BAC. Tugadh cur i láthair maidir le stair na monarchan próiseis déantúsaíochta táirgí seacláide. Tugadh deis do chuile dhuine bheith páirteach in ullmhúchán, maisiú agus pacáistiú raon mílseán a bheadh feiliúnach don mhargadh.

Cuairt amach a bhí anseo do lucht Clár Gairme na hArdteistiméireachta agus tugadh blas don saol déantúsaíochta do lucht na hIdirbliana. B’íontach an turas oideachasúil agus spráil a bhí ann agus táimid ag súil go mór lenár dturas gnó amach an bhliain seo chugainn. Ár mhuíochas do Bn Uí Dhiollúin a d’eagraigh an turas agus Bn Uí Choiléain a bhí in éineacht léi ar an lá.



Torthaí Lá Spóirt & Bronnadh Duaiseanna Spóirt

	Buachaillí ón gCeád bhliain	Cailíní ón gCéad bhliain	Buachaillí Ón dara bliain	Cailíní Ón dara bliain	Buachaillí Ón tríú bl	Cailíní Ón tríú bl
Léim Fhada	Conall Ó Caoimh Conal Ó Curraoin	Orlaith Ní Shé Aoife Bairéad	Ruadhán Ó Curraoin Éamon Ó Conláin	Áine Ní Dhonnacha Marie Nic Fhlannacha	Cian Ó hÉilí Adam Mac an tSagairt	Sorcha Ní Fhrighíl Síofra Ní Fhéinneadha
Póc Fada	Oisín Ó Neachtain Shane MacFhlannacha	Emma Cox Gráinne Ní Fhlátharta	Ruadhán Ó Curraoin Pádraic Ó Ceallaigh	Áine Ní Dhonnacha Megan Ní Cheallaigh	Dylan Ó Curraoin Cuán MacDubhghail	Sorcha Ní Fhrighíl Maeve Ní Churraoin
Rás 100 m	Conall Ó Caoimh Jason Ó Ceallaigh	Céilí Breathnach Éabha Ní Fhearrchair	Eoghan Breathnach Cian MacLochlainn	Áine Ní Dhonnacha Caoilfhionn Ní Chomhgháin	Cian Ó hÉilí Luke MacAogáin	Sorcha Ní Fhrighíl Maeve Ní Churraoin
	Buachaillí ón gCeád bhliain	Cailíní ón gCéad bhliain	Buachaillí 2ú & 3ú BL		Cailíní 2ra & 3ú Bl	
Rás 400m	Conall Ó Caoimh Conal Ó Curraoin	Éabha Ní Fhearchair Céilí Breathanach	Cian Ó hÉilí Luke Mac Aogáin		Áine Ní Dhonnacha Clíodhna Ní Fhlannaire	
Rás 800m			Cian Ó hÉilí Niall Ó Conghaile		Áine Ní Dhonnacha	
Caitheamh Meacháin		Sarah Ní Cheallacháin Orlaith Ní Shé	Dillon Ó Ceallacháin Eoghan Scott		Áine Ní Dhonnacha Marie Nic Fhlannacha	
Rás Seasaíochta	Iú Áit			2ra Áit		
	Cian Ó hÉilí, Áine Ní Dhonnacha, Clíodhna Ní Fhlannaire & Adam Mac an tSagairt			Luke MacAogáin, Maeve Ní Churraoin, Chloe Ní Chrocaigh & Niall Ó Conghaile		
Eitpheil - Sinsir	Iú Áit			2ú Áit		
	Liam Watts, Conor Ó Cadhain, Kevin Ó Donabháin, Saoirse Ní Fhlátharta Ailbhe Breathnach & Laoise Bleasdale			Davin de Buitléar, Maighread McAvinchey, Cathal Ó Cualáin, Lauren Ní Mhurchú, Rónán MacDonnacha & Breandán Ó Tuathail		
Ciceanna Píonóis– Sinsir	4ú Bl			5ú Bl		
	Iú Áit - Cailíní : Laoise Bleasdale Iú Áit - Buachaillí: Kevin Ó Donabháin			Iú Áit - Cailíní : Maighread McAvinchey Iú Áit - Buachaillí: Breandán Ó Tuathail		



Comhghairdeas le buachaillí na céad & dara bliain a bhuaigh corn Ó Neachtain i mbliana. Bhí an blitz ar siúl i Rosamhil agus bhuaigh siad Coláiste Cholmcille sa chraobh.

Ar an lá d'éirigh leo an lámh in uachtar a fháil ar na fóirne seo a leanas freisin: An Cheathru Rua, Carna, Corr na Mona, RosMuc agus Arainn.



Bhí an-bhliain ag cailíní na dara bliana ins an comórtas cispheile. Bhuaigh siad Craobh an Iarthair ag deireadh Mhí Márta. Ar aghaidh leo ansin chuig na Cluichí Cáilithe Uile Éireann. Ceithre fhoireann a bhí sa chomórtas, leis an mbuaiteoir ag baint amach áit i geluiche leathcheannais na hÉireann. Bhí mí-adh orthú, afách, nár éirigh leo dul níos faide, agus táimid an-bhródúil astu. Tá tuairisc iomlán faoin lá seo agus faoi na cluichí ar fad a d'imir siad ar www.ccm.ie. Táimid fíor bhuíoch de Patrice Pesaitis as ucht an traenála a rinne sí leis na foirne Iú agus 2ú BL i mbliana.



Gach bliain tugtar aitheantas do Laochra Spóir t na scoile seo. I mbliana b'iad Conor Ó Cadhain(4ú) agus Áine Ní Dhonnacha(2ú) a fuair an onóir sin.

Turais Scoile



Acaill 2013.

Is é seo an triú bliain dúinn ag dul chuig Acaill ar ár dturas scoile. I mbliana tháinig daltaí na céad agus dara bliana linn. Bhí lucht na dara bliana ag campáil thar oíche agus nach iad a bhí cantalach ar maidin tar éis oíche a chaitheamh i bpubaill leis an ngaoth agus leis an mbáisteach ag cur isteach ar an gcodladh!!!! Bhí an-turas againn, le cadhacadóireacht, surfáil, dreapadh balla, bordáil sléibhe agus saighdeoireacht. Ár mbuíochas do Áine Uí Ghríofa agus Máire Ní Chonchubhair a d'imigh leis na daltaí.

Barcelona 2013

I mbliana is go Barcelona a d'imigh muid ar thuras scoile na h-Idirbliana agus na Ceathrú Bliana. Is i Salou a bhí lóistín againn, ní ró fhada ó Port Aventura áit ar chaith muid ár lá deirneach. Roimhe sin chonaiceamar Camp Nou, Sagrada Familia, bhí sodar againn ar an Rambla, chonaiceamar foirgnimh Gaudi agus Monserrat. I Monserrat d'éirigh le roinnt againn an cór cáiliúil a choisteáil, an fhad is a bhí roinnt den ghrúpa imithe suas an sliabh ar an gcarr cábla. Bhí turas thar cinn againn, le h-imeachtaí oíche caite thíos ar an trá ag imirt sacair go dtí deirneach san oíche. Ár mbuíochas do Hilary Vesey, Aine Uí Ghríofa, Piaras Ó Mainín agus Maire Ní Chonchubhair a bhí in éineacht leis an ngrúpa.



Bronnadh na nDualseanna, 2013



Bronnadh Corn Uí Churraoin ar Dhearbhaile Ní Chaoimh i mbliana, in aitheantas dá cumas matamaitice. Sa phictiúr le Dearbhail tá Bn Uí Chonghaile, an múinteoir a bhí aici don teastas sóisearach

Daltaí na mBliana

- An Chéad Bhliain: Ailbhe Ní Chualáin & Jason Ó Ceallaigh
- An Dara bliain: Niamh Ní Chuinn & Eoghan Breathnach
- An Triú Bliain: Áine Ní Dhomhnaill & Adam Mac Oireachtaigh
- Idirbhliain: Sarah Breathnach & Ferdia MacAonghusa
- An Ceathrú Bliain: Caoimhe Ní Laoi & Liam Watts
- An Cuigiú Bliain: Aisling Ní Chnámhsí & Séan Ó hEithir



Aisling Ní Chnámhsí & Séan Ó hEithir a roghnaíodh mar cailín & buachaill na hArdteiste 2013.



Bronnadh Corn an tSúir Regina ar fhoireann "Aghaidh Fídhil" idir aisteoirí agus teicneolaithe stáitse. Tugtar an corn seo de bharr an méid oibre a rinne siad ó thaobh na gaeilge agus na drámaíochta de.

Coláiste Chroí Mhuire

Fón: 553113

Faics: 553412

R-phost: colaistechroimhuire@gmail.com

Suíomh Idirlíne: ccm.ie

Breis pictiúr & tuilleadh scéalta ar www.ccm.ie